



Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc

Garrán na Fuinseoige, Ceatharlach, R93 PX92

Príomhoide: Ruth Ní Chearbhalláin

Príomhoide Tánaiste: Mícheál Ó Rinn

Uimhir Rolla: 19811S

Fón: 059 9131634

Ríomhphost: office@cgscoil.ie

Suíomh: www.cgscoil.ie

UCC: 20109431



POLASÁÍ IONTRÁLA SCOILE / SCHOOL ADMISSION POLICY



DEOISE CHILL DARA AGUS LEITHGHLINN / DIOCESE OF KILDARE & LEIGHLIN

AINM NA SCOILE/NAME OF SCHOOL: GAELSCOIL EOGHAIN UÍ THUAIRISC

SEOLADH/ADDRESS: GARRÁN NA FUINSEOIGE, CEATHARLACH

UIMHIR ROLLA/ROLL NUMBER: 19811S

UIMHIR CHARTHANACHTA/CHARITY NUMBER: 20109431

PÁTRÚN/PATRON: An tEaspag Denis Nulty, Easpag Chill Dara agus Leithghlinn

1. RÉAMHRÁ/INTRODUCTION

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh bord bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

This Admission Policy complies with the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000. In drafting this policy, the board of management of the school has consulted with school staff, the school patron and with parents of children attending the school.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 5/5/2023. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.

The policy was approved by the school patron on 5/5/2023. It is published on the school's website and will be made available in hardcopy, on request, to any person who requests it.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasáí iontrála Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

The relevant dates and timelines for Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc admission process are set out in the school's annual admission notice which is published annually on the school's website at least one week before the commencement of the admission process for the school year concerned.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hiontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

This policy must be read in conjunction with the annual admission notice for the school year concerned.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

The application form for admission is published on the school's website and will be made available in hardcopy on request to any person who requests it.

Beidh tús áite ag an leagan Gaeilge den pholasaí seo i gcás neamhréitigh.

The Irish language version of this policy will take precedence in the case of discrepancy.

2. SPIORAD SAINIÚIL AGUS CUSPÓIRÍ GINEARÁLTA NA SCOILE/ CHARACTERISTIC SPIRIT AND GENERAL OBJECTIVES OF THE SCHOOL

Is bunscoil Chaitliceach chomh-oideachasúil le héiteas Caitliceach í Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc. 'Sé Easpag Chill Dara agus Leithghlinn pátrún na scoile.

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc is a Catholic co-educational primary school with a Catholic ethos. The Bishop of Kildare & Leighlin is the Patron of this school.

'Is comhphobail oscailte, fáilteach agus ionchuimsiteacha iad scoileanna Caitliceacha. Mar sin, is féidir go mbeidh páistí le creidimh eile nó seasamh saoil eile a bheith mar chuid díobh. Agus iad aireach ar a ndualgais oideachas i gcreidimh shontasacha, luachanna agus cleachtais an chomhphobail Chaitlicigh, léireoidh múinteoirí meon ina bhfuil meas ar agus fáilte roimh chách.'

'Catholic schools are communities which are open, welcoming and inclusive. Therefore, Catholic schools may include children who adhere to other religions or other stances for living. While mindful of their duty to educate in the distinctive beliefs, values, and practices of the Catholic community, teachers will bear witness to an attitude of respect for and appreciation of all'.

'The Catholic Preschool & Primary Religious Education Curriculum p 15'

'Séard ata i gceist ag Éiteas Caitliceach i gcomhthéacs Bhunscoile Chaitlicí na éiteas agus spiorad sainiúil na hEaglaise Chaitlicí, a bhfuil sé mar aidhm aici na rudaí seo a leanas a chur chun cinn:

Catholic Ethos' in the context of a Catholic primary school means the ethos and characteristic spirit of the Roman Catholic Church, which aims at promoting:

- forbairt iomlán agus shuaimhneach gach gnéith phearsna an dalta – gnéithe intleachtúla, fisiciúla, cultúrtha, morálta agus spioradálta ina measc; agus / the full and harmonious development of all aspects of the person of the pupil, including the intellectual, physical, cultural, moral and spiritual aspects; and
- caidreamh beo le Dia agus le daoine eile; agus / a living relationship with God and with other people; and
- fealsúnacht shaoil taghta ó chreideamh i nDia agus i saol, bás agus aiséirí Íosa; agus forbairt na ndaltaí sa chreideamh Caitliceach / a philosophy of life inspired by belief in God and in the life, death and resurrection of Jesus; and the formation of the pupils in the Catholic faith,
- agus mar scoil a chuireann oideachas creidimh ar fáil do na daltaí de réir theagasc, chleachtais agus thraidisiúin na hEaglaise Chaitlicí, agus/nó de réir éiteas agus/nó spiorad shainiúil ar féidir a bheith socruithe ag nó a thuiscint ó Chomhdháil Easpag Éireann ó am go ham / and which school provides religious education for the pupils in accordance with the doctrines, practices and traditions of the Roman Catholic Church, and/or such ethos and/or characteristic spirit as may be determined or interpreted from time to time by the Irish Episcopal Conference.

I gcomhréir le S.15 (2) (b) an Acht Oideachais, 1988 seasfaidh Bord Bainistíochta Ghaelcoil Eoghain Uí Thuairisc, agus beidh siad freagrach don phátrún as an seasamh sin, le spiorad sainiúil na scoile mar atá

léirithe i luachanna morálta, creidimh, sóisialta, teanga, agus spioradálta atá mar bhunús ag agus a léiríonn aidhmeanna agus eagrúchán na scoile.

In accordance with S.15 (2) (b) of the Education Act, 1998 the Board of Management of Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc shall uphold, and be accountable to the patron for so upholding, the characteristic spirit of the school as determined by the cultural, educational, moral, religious, social, linguistic and spiritual values and traditions which inform and are characteristic of the objectives and conduct of the school.

Tá Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc múnlaíthe ar fhealsúnacht shaoil atá bunaithe ar chreideamh I nDia agus bunaithe ar shaol, bhás agus aiséirí Íosa Chríost.

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc is modelled on philosophy of life based on faith in God and based on the life, death, and resurrection of Jesus Christ.

Is bunscoil lánGhaelach mheasctha í Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc. Cuirtear oideachas tré mheán na Gaeilge ar fáil do na daltaí in atmaisféar atá oscailte, cairdiúil agus dearfach.

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc is an All-Irish mixed primary school. The children are educated through the medium of the Irish language, in an open friendly and positive atmosphere.

Tá sé mar aidhm ag an scoil cabhrú le gach páiste a bhuaic a bhaint amach i ngach gnéith den fhorbairt – sóisialta, fisiciúil agus acadúil.

It is the aim of the school to help each child reach his/her potential in all aspects of development – social, physical and academic.

3. RÁITEAS MAIDIR LE HIONTRÁIL/ADMISSION STATEMENT

Ní dhéanfaidh Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc will not discriminate in its admission of a student to the school on any of the following:

- a) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann/ the gender ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- b) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann/ the civil status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- c) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann/ the family status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- d) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann/ the sexual orientation ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- e) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann/ the religion ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- f) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann/ the disability ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- g) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann/ the ground of race of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- h) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó/ the Traveller community ground of the student or the applicant in respect of the student concerned, or
- i) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann / the ground that the student or the applicant in respect of the student concerned has special educational needs.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar 'foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

As per section 61 (3) of the Education Act 1998, 'civil status ground', 'disability ground', 'discriminate', 'family status ground', 'gender ground', 'ground of race', 'religion ground', 'sexual orientation ground' and 'Traveller community ground' shall be construed in accordance with section 3 of the Equal Status Act 2000.

Comhoibreoidh Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc leis an CNOS i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid.

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc will cooperate with the National Council for Special Education in the performance by the Council of its functions under the Education for Persons with Special Educational Needs Act 2004 relating to the provision of education to children with special educational needs, including in particular by the provision and operation of a special class or classes when requested to do so by the Council.

Comhlíonfaidh Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord nó ar an bpátrún faoi alt 37A agus 67(4)(b).

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc will comply with any direction served on the patron or the board, as the case may be, under section 37A and any direction served on the board under section 67(4B) of the Education Act."

Is scoil í Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc a bhfuil sé mar aidhm aici oideachas a chur ar fáil i dtimpeallacht a chuireann luachanna creidimh áirithe chun cinn agus nach ndéanann leathrom sa chás go ndiúltaíotar áit do dhaltach nach Caitliceach iad agus go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil an dúiltiú riachtanach chun éiteas na scoile a choimeád.

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc is a school whose objective is to provide education in an environment which promotes certain religious values and does not discriminate where it refuses to admit as a student a person who is not Catholic and it is proved that the refusal is essential to maintain the ethos of the school.

Is scoil í Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc a bhunaigh ranganna, le ceadú an Aire Oideachais agus Scileanna, a chuireann oideachas ar fáil go heisiach do dhaltach a bhfuil diagnóis de Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (NSU) agus d'fhéadfadh sé go ndiúltaíofaí isteach sa rang do dhaltach nach bhfuil an chatagóir riachtanas acu atá sonraithe. Feidhmníonn na ranganna seo trí mheán na Gaeilge, mar chuid d'éiteas teangeolaíochta na scoile.

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc is a school which has established special classes, with the approval of the Minister for Education and Skills, which provides an education exclusively for students with a diagnosis of Autism Spectrum Disorders (ASD) and may refuse to admit to the class a student who does not have the category of needs specified. These classes function through the medium of Irish.

4. NA CATAGÓIRÍ DE RIACHTANAI SPEISIALTA OIDEACHAIS A NDÉANTAR FREASTAL ORTHU SA SCOIL/SA RANG SPEISIALTA/ CATEGORIES OF SPECIAL EDUCATIONAL NEEDS CATERED FOR IN THE SCHOOL/SPECIAL CLASS

Scoileanna Speisialta/ Special schools

Ní Scoil Speisialta í Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc/ Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc is not a Special School.

Scoileanna ina bhfuil rang(anna) speisialta/ Schools with special education class(es)

Bhunaigh Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, le cead ón Aire Oideachais agus Scileanna, 2 rang chun oideachas a chur ar fáil go heisiach do dhaltaí a bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais ag gabháil dóibh, a shroicheann critéir diagnóiseach DSM IV / V nó ICD10, agus go bhfuil moladh de áit i rang speisialta ann. Feidhmníonn na ranganna seo trí mheán na Gaeilge, mar chuid d'éiteas teangeolaíochta na scoile.

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, with the approval of the Minister for Education and Skills, has established two classes to provide an education exclusively for students who have a diagnosis of Autism, meeting DSM IV / V or ICD10 diagnostic criteria and have a recommendation for special class placement. These classes function through the medium of Irish in line with the school's linguistics ethos.

Seo a leanas critéir iontrála dár rang speisialta uathachais, le polasaithe an Roinn Oideachais agus an FSS san áireamh:

The criteria for admission to our special classes, incorporating the Departments of Education and the HSE's policies, is as follows:

Tá leanaí agus daoine óga incháilithe le haghaidh rollú i rang speisialta d'uathachas i gcás go soláthraítear na nithe seo a leanas chun tacú leis an iarratas ar rollú den sórt sin:

Children and young people are eligible for enrolment in a special class for autism when the following is provided in support of such an application:

Tuairisc ghairmiúil nó tuairiscí gairmiúla ina leagtar amach na nithe seo a leanas:

Professional report(s) outlining:

- **Diagnóis Uathachais: DSM IV/V nó ICD 10/11 (tuairisc ó shíceolaí, tuairisc ó shíciatraí, tuairisc ildisciplíneach)/ Diagnosis of Autism: DSM IV/V or ICD 10/11 (psychologist, psychiatrist, multi-disciplinary report),**
AGUS/ AND
- **Tuiscint ar a chasta atá an leibhéal foriomlán riachtanais/riachtanas atá ag an leanbh, mar atá léirithe sna tuairiscí gairmiúla/ A demonstration of the understanding of complexity of the child's overall level of need/s evidenced in the professional reports,**
AGUS/ AND
- **Bunaithe ar a dhéine nó a chasta atá na riachtanais tacaíochta atá ag an leanbh, moladh gairmiúil soiléir maidir leis an gcineál socrúcháin oideachais a bheadh ar an gceann is cuí chun freastal ar na riachtanais sin, mar aon leis an réasúnaíocht is bun leis an gcéanna/ Given the severity or complexity of the child's support needs, a clear professional recommendation as to what educational placement type would be most appropriate to best meet the child's needs, along with the rationale for same,**
AGUS/ AND
- **Litr ó CNOS ina ndeimhnítear go bhfuil aithne aige ar an leanbh agus go sealbhaíonn an leanbh an diagnóis agus an moladh is gá le haghaidh rollú i rang speisialta d'uathachas/ A letter from the NCSE confirming that the child is known to them and that the child has the required diagnosis and recommendation for a special class for autism.**

5. DALTAÍ A LIGEAN ISTEACH/ ADMISSION OF STUDENTS

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –

This school shall admit each student seeking admission except where –

- a) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach Alt 6 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)/ the school is oversubscribed (please see Section 6 below for further details)

- b) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhu i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin/ a parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student

Is scoil í Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc a bhfuil sé mar aidhm aici oideachas a chur ar fáil i dtimpeallacht a chuireann luachanna creidimh áirithe chun cinn agus nach ndéanann leathtrom sa chás go ndiúltaíotar áit do dhaltá nach Caitliceach iad agus go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil an dúiltiú riachtanach chun éiteas na scoile a choimeád.

Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc is a Catholic school and may refuse to admit as a student a person who is not of Catholic denomination where it is proved that the refusal is essential to maintain the ethos of the school.

Soláthraíonn an rang speisialta atá nasctha le Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc oideachas do dhaltá a bhfuil Neamhord de chuid Speictream an Uathachais go heisiach, a shroicheann critéir diagnóiseach DSM IV / V nó ICD10, agus féadfaidh an scoil cead isteach a dhiúltú don rang sin, i gcás nach bhfuil an chatagóir shonraithe de riachtanais speisialta oideachais ag an dalta atá i gceist dá bhforáiltear sa rang sin. Déantar na ranganna seo a fheidhmniú trí mheán na Gaeilge, ag cloí le héiteas teangeolaíochta na scoile.

The special class(es) attached to Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc provide an education exclusively for students with a diagnosis of autism meeting DSM IV/V or ICD10 diagnostic criteria and the school may refuse admission to this class, where the student concerned does not have the specified category of special educational needs provided for in this class. These classes function through the medium of Irish.

6. RÓ-IARRATAS/ OVERSUBSCRIPTION

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici:

In the event that the school is oversubscribed, the school will, when deciding on applications for admission, apply the following selection criteria in the order listed below to those applications that are received within the timeline for receipt of applications as set out in the school's annual admission notice:

- I. Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblí, páistí altramaigh nó uchtaithe dóibh siúd atá ag freastal ar an scoil faoi láthair agus *a bhfuil cónaí orthu ag an seoladh céanna*, ar an gcoinníol go bhfuil ceithre bliana slánaithe acu faoi 1ú Meán Fómhair roimh thosú ar scoil dóibh/ Brothers, sisters, half-siblings, foster siblings, or adopted siblings of children currently attending or who have attended the school and *who are living at the same address*, provided that they have reached 4 years of age by September 1st before starting school.
- II. Páistí foirne a bhfuil post buan acu, ar an gcoinníol go bhfuil ceithre bliana slánaithe acu faoi 1ú Meán Fómhair roimh thosú ar scoil dóibh/ Children of permanent staff members, provided that they have reached 4 years of age by September 1st before starting school.
- III. Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblí, páistí altramaigh nó uchtaithe dóibh siúd a d'fhreastail ar an scoil, ar an gcoinníol go bhfuil ceithre bliana slánaithe acu faoi 1ú Meán Fómhair roimh thosú ar scoil dóibh/ Brothers, sisters, half-siblings, foster siblings, or adopted siblings of children who have previously attended the school, provided that they have reached 4 years of age by September 1st before starting school.

- IV. Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í, de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht, ar an gcoinníol go bhfuil ceithre bliana slánaithe acu faoi 1ú Meán Fómhair roimh thosú ar scoil dóibh/ Children who have attained a determined level of fluency in Irish which would be likely to decline if he / she is not admitted to an all-Irish school, in accordance with the provisions of section 62(9) of the Act, provided that they have reached 4 years of age by September 1st before starting school. *
- V. Páistí iarscoláirí (25% ar a mhéid), ar an gcoinníol go bhfuil ceithre bliana slánaithe acu faoi 1ú Meán Fómhair roimh thosú ar scoil dóibh/ Children of past pupils (to a maximum of 25%), provided that they have reached 4 years of age by September 1st before starting school.
- VI. Gach iarrthóir eile de réir aoise, ar an gcoinníol go bhfuil ceithre bliana slánaithe acu faoi 1ú Meán Fómhair roimh thosú ar scoil dóibh/ All other applicants according to seniority of age, provided that they have reached 4 years of age by September 1st before starting school.

• I gcás ionrolaíochta sa rang speisialta bainfear úsáid as na cirtéir seo a leanas san ord thíos/ In the case of enrolment in our special classes, please note criteria in order below.

- I. Is gá do gach iarrathóir na critéir cháilitheachta a shroicheadh, mar atá leagtha amach in Alt 4 thuas/ All applicants must meet the eligibility criteria as outlined in Section 4 above.
- II. Daltaí atá cheana féin cláraithe i rang príomhshrutha i nGaelscoil Eoghain Uí Thuairisc de réir aoise. Tugtar áit tosaíochta don pháiste is sine ar dtús i rang phríomhshrutha na scoile/ Students who are already enrolled in a mainstream class in Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc according to seniority of age. Priority will be given to the eldest child enrolled in a mainstream class.
- III. Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblí, páistí altramaigh nó uchtaithe dóibh siúd atá ag freastal ar an scoil faoi láthair agus a bhfuil cónaí orthu ag an seoladh céanna, ar an gcoinníol go bhfuil ceithre bliana slánaithe acu faoi 1ú Meán Fómhair roimh thosú ar scoil dóibh/ Brothers, sisters, half-siblings, foster siblings or adopted siblings of children currently attending or who have attended the school and who are living at the same address, provided that they have reached 4 years of age by September 1st before starting school.
- IV. Páistí foirne a bhfuil post buan acu, ar an gcoinníol go bhfuil ceithre bliana slánaithe acu faoi 1ú Meán Fómhair roimh thosú ar scoil dóibh/ Children of permanent staff members, provided that they have reached 4 years of age by September 1st before starting school.
- V. Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblí, páistí altramaigh nó uchtaithe dóibh siúd a d'fhreastail ar an scoil, ar an gcoinníol go bhfuil ceithre bliana slánaithe acu faoi 1ú Meán Fómhair roimh thosú ar scoil dóibh/ Brothers and sisters, half-siblings, foster siblings or adopted siblings of children who have previously attended the school, provided that they have reached 4 years of age by September 1st before starting school.
- VI. Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í, de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht, ar an gcoinníol go bhfuil ceithre bliana slánaithe acu faoi 1ú Meán

Fómhair roimh thosú ar scoil dóibh/ Children who have attained a determined level of fluency in Irish which would be likely to decline if he / she is not admitted to an all-Irish school, in accordance with the provisions of section 62(g) of the Act, provided that they have reached 4 years of age by September 1st before starting school. *

- VII. Gach iarrthóir eile de réir aoise, ar an gcoinníol go bhfuil ceithre bliana slánaithe acu faoi 1ú Meán Fómhair roimh thosú ar scoil dóibh (i gcás naíonán)/ All other applicants according to seniority of age, provided that they have reached 4 years of age by September 1st before starting school (for junior infants).**

Sa chás go bhfuil beirt daltaí nó níos mó ceangailte le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), beidh feidhm ag na socruithe a leanas:

In the event that there are two or more students tied for a place or places in any of the selection criteria categories above (the number of applicants exceeds the number of remaining places), the following arrangements will apply:

Tús áite don pháiste is sine/ Priority will be given to the older child.

*Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don bhord/ **The onus will be on parents / guardians to provide sufficient evidence to demonstrate to the board the required level of fluency in Irish.**

7. AN MÉID NACH MBREITHNEOFAR NÁ NACH GCUIRFEAR SAN ÁIREAMH/ WHAT WILL NOT BE CONSIDERED OR TAKEN INTO ACCOUNT

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil.

In accordance with section 62(7) (e) of the Education Act, the school will not consider or take into account any of the following in deciding on applications for admission or when placing a student on a waiting list for admission to the school:

- a) freastal roimh ré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí/ a student's prior attendance at a pre-school or pre-school service, including naíonraí
- b) íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil/ the payment of fees or contributions (howsoever described) to the school;
- c) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta/ a student's academic ability, skills or aptitude;
 - I. ligean isteach chuig rang speisialta a mhéad is gá chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil an chatagóir riachtanas speisialta oideachais lena mbaineann ag an dalta agus/nó/ other than in relation to: - a special class insofar as it is necessary in order to ascertain whether or not the student has the category of special educational needs concerned and/or
 - II. ligean isteach i scoil lán-Ghaeilge, de réir fhorálacha alt 62(g) den Acht/ admission to an Irish language school, in accordance with the provisions of section 62(g) of the Act
- d) gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí dalta/ the occupation, financial status, academic ability, skills or aptitude of a student's parents;

- e) ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála/ a requirement that a student, or his or her parents, attend an interview, open day or other meeting as a condition of admission;
- f) ceangal dalta leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin/ a student's connection to the school by virtue of a member of his or her family attending or having previously attended the school; other than in the case of siblings other than, in the school including a selection criteria based on siblings of a student attending or having attended the school as outlined in Section 6 above.
- g) an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála/ the date and time on which an application for admission was received by the school.

Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann. This is subject to the application being received at any time during the period specified for receiving applications set out in the annual admission notice of the school for the school year concerned

8. CINNTÍ AR IARRATAIS/ DECISIONS ON APPLICATIONS

Béidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc bunaithe ar na nithe a leanas:

All decisions on applications for admission to Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc will be based on the following:

- Polasaí iontrála na scoile/ Our school's admission policy
- Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí)/ The school's annual admission notice;
- An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun iarratais a fháil/ The information provided by the applicant in the school's official application form received during the period specified in our annual admission notice for receiving applications

(Féach [alt 14](#) thíos maidir le hiarratais a fuarthas lasmuigh den tréimhse iontrála agus [alt 15](#) thíos maidir le hiarratais ar áiteanna i mblianta seachas an grúpa ligthe isteach/ Please see section 14 below in relation to applications received outside of the admissions period and section 15 below in relation to applications for places in years other than the intake group)

Ní úsáidfear critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.

Selection criteria that are not included in our school admission policy will not be used to make a decision on an application for a place in our school.

9. CINNTÍ A CHUR IN IÚL D'IARRATASÓIRÍ/ NOTIFYING APPLICANTS OF DECISIONS

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.

Applicants will be informed in writing as to the decision of the school, within the timeline outlined in the annual admissions notice.

Mura dtairgtear áit do dhaltá inár scoil, cuirfear na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéar roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

If a student is not offered a place in our school, the reasons why they were not offered a place will be communicated in writing to the applicant, including, where applicable, details of the student's ranking against the selection criteria and details of the student's place on the waiting list for the school year concerned.

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach alt 18 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

Applicants will be informed of the right to seek a review/right of appeal of the school's decision (see section 18 below for further details).

10. GLACADH LE TAIRISCINT ÁITE AG IARRATASÓIR/ ACCEPTANCE OF AN OFFER OF A PLACE BY AN APPLICANT

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó [Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, ní mór duit an méid a leanas a léiriú:

In accepting an offer of admission from Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, you must indicate:

- I. cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin, agus/ whether or not you have accepted an offer of admission for another school or schools. If you have accepted such an offer, you must also provide details of the offer or offers concerned and
- II. cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar/ whether or not you have applied for and awaiting confirmation of an offer of admission from another school or schools, and if so, you must provide details of the other school or schools concerned.

11. CÚINSÍ NACH FÉIDIR TAIRISCINTÍ A DHÉANAMH INA LEITH NÓ A THARRAINGT SIAR/ CIRCUMSTANCES IN WHICH OFFERS MAY NOT BE MADE OR MAY BE WITHDRAWN

Ní féidir le Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc tairiscint iontrála a dhéanamh ná a tharraingt siar sna cásanna a leanas:

An offer of admission may not be made or may be withdrawn by Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc where:

- I. déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach/ it is established that information contained in the application is false or misleading.
- II. teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile/ an applicant fails to confirm acceptance of an offer of admission on or before the date set out in the annual admission notice of the school.
- III. má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhuí i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó/ the parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student; or

- IV. teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in alt 10 thuas/ an applicant has failed to comply with the requirements of 'acceptance of an offer' as set out in section 10 above.

12. SONRAÍ A ROINNT LE SCOILEANNA EILE/ SHARING OF DATA WITH OTHER SCHOOLS

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

Applicants should be aware that section 66(6) of the Education (Admission to Schools) Act 2018 allows for the sharing of certain information between schools in order to facilitate the efficient admission of students.

Tá ceadaithe de réir Alt 66 (6) do scoil liosta de na daltaí a sholáthar do phátrún nó do bhord bainistíochta eile:

Section 66(6) allows a school to provide a patron or another board of management with a list of the students in relation to whom:

- (i) go bhfuarthas iarratas ar ligean isteach sa scoil/ an application for admission to the school has been received,
- (ii) go ndearnadh tairiscint ar áit sa scoil, nó/ an offer of admission to the school has been made, or
- (iii) gur glacadh le tairiscint ar áit scoile/ an offer of admission to the school has been accepted.

Féadfaidh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith ar an liosta:

The list may include any or all of the following:

- (i) an dáta a fuair an scoil iarratas ar áit scoile/ the date on which an application for admission was received by the school;
- (ii) an dáta a rinne an scoil tairiscint ar áit scoile/ the date on which an offer of admission was made by the school;
- (iii) an dáta ar ghlac iarratasóir le tairiscint ar áit scoile/ the date on which an offer of admission was accepted by an applicant;
- (iv) sonraí pearsanta dalta lena n-áirítear ainm, seoladh, dáta breithe agus uimhir seirbhíse poiblí pearsanta (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005)/ a student's personal details including his or her name, address, date of birth and personal public service number (within the meaning of section 262 of the Social Welfare Consolidation Act 2005).

13. LIOSTA FEITHIMH I GCÁS RÓ-IARRATAIS/ WAITING LIST IN THE EVENT OF OVERSUBSCRIPTION

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig [ainm na scoile] mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

In the event of there being more applications to the school year concerned than places available, a waiting list of students whose applications for admission to Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc were unsuccessful due to the school being oversubscribed will be compiled and will remain valid for the school year in which admission is being sought.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Placement on the waiting list of Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc is in the order of priority assigned to the students' applications after the school has applied the selection criteria in accordance with this admission policy.

Cuirfear iarratais a fhaightear i ndiaidh an dáta deiridh, mar atá leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil, ag deireadh an liosta feithimh san ord de réir dáta in faightear na hiarrrtais sin/ Applicants whose applications are received after the closing date, outlined in the Annual Admission Notice, will be placed at the end of the waiting list in order of the date of receipt of the application.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.

Offers of any subsequent places that become available for and during the school year in relation to which admission is being sought will be made to those students on the waiting list, in accordance with the order of priority in relation to which the students have been placed on the list.

14. IARRATAIS DHÉANACHA/ LATE APPLICATIONS

Breithneofar agus déanfar cinneadh ar gach iarratas ar chead isteach a fhaightear tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san fhógra iontrála bliantúil de réir pholasaí iontrála ár scoile, de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.

All applications for admission received after the closing date as outlined in the annual admission notice will be considered and decided upon in accordance with our school's admissions policy, the Education Admissions to School Act 2018 and any regulations made under that Act.

Cuirfear iarrthóirí déanacha ar an eolas faoin gcinneadh maidir lena n-iarratas laistigh de thrí seachtaine ó dháta an iarratais. Tairsceofar áiteanna d'iarrthóirí déanacha má tá spásanna ar fáil. Muna bhfuil spásanna ar fáil cuirfear na hainmneacha ar an Liosta Iarrthóirí mar atá leagtha amach i Mír 13.

Late applicants will be notified of the decision in respect of their application no later than three weeks after the date on which the school received the application. Late applicants will be offered a place if there is place available. In the event that there is no place available, the name of the applicant will be added to the waiting list as set out in Section 13.

15. NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE DALTAÍ A LIGEAN ISTEACH I MBLIANTA EILE AGUS LE LINN NA SCOILBHLIANA/ PROCEDURES FOR ADMISSION OF STUDENTS TO OTHER YEARS AND DURING THE SCHOOL YEAR

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile:

The procedures of the school in relation to the admission of students who are not already admitted to the school to classes or years other than the school's intake group are as follows:

- I. Is féidir glacadh le daltaí chuig ranganna seachas Naíonáin Bheaga chomh fada is go bhfuil áit ar fáil sa rang sin/ Children may be enrolled into classes other than Junior Infants provided that there is a place available.
- II. Glacfar go huathoibríoch le daltaí ó scoileanna T.1 chomh fada is go bhfuil áit ar fáil/ Children transferring from T.1 schools will automatically be enrolled provided that there is a place available.
- III. Tabharfar cuireadh do dhailtá atá ag iarraidh aistriú ó scoileanna T.2 bualadh leis an bpríomhoide agus iad a chlárú ar an tuiscint go mbeidh siad in ann feidhmiú i scoil ina gcuirtear oideachas ar fáil tré mheán na

Gaeilge, in atmaisféar atá oscailte, cairdiúil agus deimhneach/ Children who wish to transfer from T.2 schools will be invited to meet with the principal and enrolled on the assertion that they can cope where children are educated through the medium of the Irish language, in an open friendly and positive atmosphere.

16. DEARBHÚ MAIDIR LE GAN TÁILLÍ A GHEARRADH/ DECLARATION IN RELATION TO THE NON-CHARGING OF FEES

Baineann an riail seo le gach scoil.
This rule applies to all schools.

Ní ghearrfaidh bord Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann táillí ar íocaíocht nó ní lorgeoidh sé nó sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de -
The board of Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc or any persons acting on its behalf will not charge fees for or seek payment or contributions (howsoever described) as a condition of-

- I. iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó/ an application for admission of a student to the school, or
- II. iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil/ the admission or continued enrolment of a student in the school.

17. SOCRUITHE MAIDIR LE DALTAÍ NACH BHFREASTALAÍONN AR THEAGASC REILIGIÚNACH/ ARRANGEMENTS REGARDING STUDENTS NOT ATTENDING RELIGIOUS INSTRUCTION

Ba chóir iarratas i scríbhinn a chur chuig príomhoide na scoile. Eagrófar cruinniú ansin ina bpléifear conas gur féidir leis an scoil freastal ar iarratas an tuismitheora.

A written request should be made to the principal of the school. A meeting will then be arranged with the parent(s) to discuss how the request may be accommodated by the school.

18. AN CEART CHUN ATHBREITHNITHE/ACHOMHAIRC/ REVIEWS/APPEALS

Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta/ Review of decisions by the Board of Management

Féadfaidh tuismitheoir mac léinn, nó i gcás mac léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici féadfaidh sé/sí a iarraidh ar an mbord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

The parent of the student, or in the case of a student who has reached the age of 18 years, the student, may request the board to review a decision to refuse admission. Such requests must be made in accordance with Section 29C of the Education Act 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

The timeline within which such a review must be requested and the other requirements applicable to such reviews are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills.

Déanfaidh an Bord athbhreithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

The board will conduct such reviews in accordance with the requirements of the procedures determined under Section 29B and with section 29C of the Education Act 1998.

Tabhair faoi deara: Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

Note: Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **must request a review** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.

Where an applicant has been refused admission due to a reason other than the school being oversubscribed, the applicant **may request a review** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.

Ceart achomhairc/ Right of appeal

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir mac léinn, nó i gcás mac léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Under Section 29 of the Education Act 1998, the parent of the student, or in the case of a student who has reached the age of 18 years, the student, may appeal a decision of this school to refuse admission.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

An appeal may be made under Section 29 (1) (c) (i) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due to the school being oversubscribed.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(ii) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

An appeal may be made under Section 29 (1) (c) (ii) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due a reason other than the school being oversubscribed.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **must request a review** of that decision by the board of management **prior to making an appeal** under section 29 of the Education Act 1998. (see Review of decisions by the Board of Management).

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás *seachas* ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta).

Where an applicant has been refused admission due to a reason *other than* the school being oversubscribed, the applicant **may request a review** of that decision by the board of management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998. (see Review of decisions by the Board of Management).

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Appeals under Section 29 of the Education Act 1998 will be considered and determined by an independent appeals committee appointed by the Minister for Education and Skills.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

The timeline within which such an appeal must be made and the other requirements applicable to such appeals are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills.

19. DAINGNIÚ AN PHOLASAÍ/ POLICY RATIFICATION

Bhí an polasaí seo pléite, daingnithe agus curtha i bhfeidhm ag Bord Bainistíochta na scoile ar an 29ú Meán Fómhair 2025.

This Enrolment policy was discussed, ratified and implemented by the Board of Management on 29th September 2025.

Glactha ag an mBord Bainistíochta ar an _____.

Policy adopted by the BOM on _____.

Síniú: _____ (Úna Ní Ghógáin - Cathaoirleach)

Síniú: _____ (Ruth Ní Chearbhalláin - Príomhoide)